Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15979/22**

**ENV 1300**
**CLIMA 672**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 674 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN An chéad tuarascáil faireacháin agus ionchais maidir le 'truailliú nialasach' 'Conairí i dtreo aer, uisce agus ithir níos glaine le haghaidh na hEorpa' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 674 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 674 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2022
COM(2022) 674 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**An chéad tuarascáil faireacháin agus ionchais maidir le truailliú nialasach**

**Conairí i dtreo aer, uisce agus ithir níos glaine le haghaidh na hEorpa**

## 1. RÉAMHRÁ

Tá aer glan, uisce glan agus ithir ghlan i gcomhshaol nádúrtha atá athléimneach agus rathúil ríthábhachtach le haghaidh beatha shláintiúil. Ait go leor, leis an scoiteacht a brúdh ar dhaoine mar gheall ar phaindéim COVID- 19, soláthraíodh léargais nua ar an luach a bhaineann le comhshaol atá glan agus bithéagsúil. Cogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus an ghéarchéim fuinnimh agus eacnamaíoch a eascraíonn as, na hiarrachtaí téarnaimh i ndiaidh COVID, mar aon le tuilte, tonnta teasa agus triomaigh a tharlaíonn mar gheall ar an aeráid, níl aon dabht go gcuireann na nithe sin uile go mór leis na dúshláin atá roimh an Aontas sa lá atá inniu ann, lena n- áirítear an dúshlán chun truailliú a laghdú.

An chonair mheántéarmach agus fhadtéarmach a leagadh amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus a deimhníodh leis an 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol (an 8ú CGC) go dtí 2030, ina leagtar amach cuspóirí tosaíochta le haghaidh 2050[1], tá sí fós bailí. Áirítear inti, i gcomhréir leis an sprioc a bheith aeráidneodrach faoi 2050, uaillmhian maidir le truailliú nialasach a bhaint amach le haghaidh comhshaol atá saor ó thocsainí[2]. Leagtar amach i bplean gníomhaíochta an Aontais 'Plean gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'[3] agus sa straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht[4] a leagtar amach i bhfís 2050[5], spriocanna cainníochtaithe agus gníomhaíochtaí coincréiteacha le haghaidh 2030 chun an tAontas a chur ar an gconair chun truailliú nialasach a bhaint amach chomh maith lena chuid spriocanna aeráide agus athchóiriú dúlra a bhaint amach[6]. Mhol an Coimisiún neart tograí ábhartha, agus ba é an ceann ba dhéanaí moladh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh[7], an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh[8] agus an liosta de thruailleáin uisce faoin Treoir Réime maidir le hUisce a thabhairt cothrom le dáta[9] chomh maith leis an togra le haghaidh chineálcheadú astaíochtaí Euro 7 i gcomhair mótarfheithiclí[10]. Cuirtear an tábhacht a bhaineann le truailliú a laghdú mar mhodh chun sláinte an duine a fheabhsú i dtábhacht i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa[11].

Tá an tuarascáil chomhtháite seo maidir le hionchas agus faireachán ar 'thruailliú nialasach' ina cuid lárnach den 8ú creat faireacháin CGC[12] ina leagtar amach príomhtháscairí in aghaidh an chuspóra tosaíochta agus uirlisí faireacháin earnáil- sonracha eile, mar shampla le haghaidh an athraithe aeráide, na

1 Féach Airteagal 2(1) de Chinneadh (AE) 2022/591.
2 Féach Airteagal 2(2)(d) de Chinneadh (AE) 2022/591.
3 COM(2021) 400.
4 COM(2020) 667.
5 '*Pláinéad Sláintiúil do Chách: Laghdú a dhéanamh ar an truailliú aeir, uisce agus ithreach go leibhéil nach measfaí a bheith díobhálach don tsláinte agus d'éiceachórais nádúrtha a thuilleadh, agus lena bhfantar i mbun na measarthachta lena bhfuil ár bpláinéad in ann a bheith ag teacht, lena gcruthaítear, dá bhrí sin, comhshaol atá saor ó thocsainí*.'
6 COM(2020) 380.
7 COM(2022) 542.
8 COM(2022) 541.
9 COM(2022) 540.
10 COM(2022) 568.
11 COM(2021) 44.
12 COM(2022) 357.

bithéagsúlachta[13] agus an gheilleagair chiorclaigh[14], agus chun léargas mionsonraithe agus comhleanúnach a sholáthar. Is é is cuspóir foriomlán don tuarascáil seo an dul chun cinn agus an t- ionchas le haghaidh na sé sprioc a glacadh sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach a chur i láthair trí na bearnaí atá ann a chur i dtábhacht. Freagrófar inti ceisteanna cosúil le: Cé chomh truaillithe atá an tAontas? Cad iad na treochtaí atá ann le cúpla bliain anuas? An féidir linn spriocanna 2030 maidir le truailliú nialasach a bhaint amach?

[13] Féach an Lárionad Eolais um Bithéagsúlacht

[14] COM(2018) 29 agus SWD(2018) 17 (faoi athbhreithniú faoi láthair).

Tacóidh sé sin le rialachas níos fearr ar thruailliú tríd an méid a leanas go háirithe:

- léargais nua agus ábhartha a thairiscint;
- faireachán a dhéanamh ar cé acu atá cur chun feidhme beartais ar an mbóthar ceart, nó nach bhfuil;
- anailís a dhéanamh ar shineirgí agus ar comhbhabhtálacha idir beartais éagsúla an Aontais;
- cuidiú le 'luathrabhaidh' a aistriú go moltaí maidir le truailleáin lena mbaineann imní atá ag méadú bunaithe ar na torthaí taighde is déanaí.

Nochtar léi roinnt easnamh agus bearnaí a dtabharfar aghaidh orthu sna blianta atá le teacht. Áirítear leo sin deacrachtaí maidir le measúnú a dhéanamh ar thruailliú ithreach i bhfianaise easpa creata dhlíthiúil ón Aontas maidir le faireachán agus tuairisciú, a rachfar i ngleic leo i ndlíthe atá le teacht maidir le sláinte ithreach agus faireachán foraoisí, chomh maith leis an dúshlán a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar shonraí a chumasc, ar sonraí iad sin nach bhfuil éasca comparáid a dhéanamh orthu agus a eascraíonn as foinsí nó tionscadail eolaíochta éagsúla, chun pictiúr comhtháite a dhéanamh. Dúshlán eile atá ann roinnt agus úsáid na sonraí is déanaí atá ar fáil ionas go gcloífidh siad le prionsabail FAIR (sonraí inaimsithe, inrochtana, idir- inoibritheacha agus in- athúsáidte) maidir le sonraí[15]. Cé go bhfuil sonraí beagnach fíor- ama ar fáil le haghaidh beartais aeir, is minic a bhíonn na sonraí chun measúnú a dhéanamh ar uisce agus ar an gcomhshaol muirí as dáta agus neamhiomlán, cé go bhfuil sonraí níos cothroime le dáta le fáil ar an leibhéal náisiúnta[16]. Tugtar aghaidh i bpáirt ar an bhfadhb sin sna tograí is déanaí maidir le faireachán agus tuairisciú ar thruailleáin uisce dromchla agus screamhuisce ach ní mór iad a fhorlíonadh le hathbhreithnithe amach anseo ar dlíthe ábhartha uisce agus muirí.

Is éard atá i gceist leis an tuarascáil seo achoimre beartais ar an Tuarascáil Faireacháin a chuir EEA le chéile, agus ina gcomhtháthaítear na sonraí is oiriúnaí ón am atá caite agus sonraí reatha thar gach réimse truaillithe a ndéantar faireachán air ar leibhéal an Aontais Eorpaigh[17] agus Tuarascáil Ionchais ar chomhordaigh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin í[18]. Tá na torthaí samhaltaithe agus fadbhreathnaitheachta bunaithe ar mheasúnú ar na buntáistí laghdaithe truaillithe a bhfuil coinne leo ó phríomhthionscnaimh bheartais an Aontais, lena n- áirítear roinnt tionscnamh a moladh le déanaí. Áirítear le foinsí faisnéise le haghaidh an chéad tuarascáil ionchais seo ar

---

15 Féach anseo.

16 Go háirithe, níl na timthriallta tuairiscithe le haghaidh na dTreoracha Réime um Straitéis Uisce agus Mhuirí leordhóthanach i gcomhair cheapadh agus chur chun feidhme beartais agus déantar iad níos measa fiú le moilleanna i mBallstáit a sheachadann na tuarascálacha sin. Faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022, níos mó ná 6 mhí i ndiaidh na sprioc- amanna, níor thuairiscigh 14 Bhallstát (BE, BG, CY, DK, EL, ES, HR, IE, LT, MT, PL, PT, RO agus SI) a 3ú Plean Bainistíochta Abhantraí faoin Treoir Réime maidir le hUisce go fóill, agus níor thuairiscigh 12 Bhallstát (BG, CY, DK, EE, EL, ES, HR, IE, LV, LT, MT agus SI) a straitéisí muirí faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí go fóill.

17 Faireachán EEA ar Thruailliú Nialasach:https://www.eea.europa.eu/publications/zero-pollution/zero-pollution

18 JRC (2022): '*Zero pollution outlook*' [Ionchas truaillithe nialasaigh]

'thruailliú nialasach' an tríú Tuarascáil ar Ionchas Aeir Ghlain[19], measúnuithe ionchais ar thorann[20], cothaithigh, ídiú agus táirgeadh agus príomhthorthaí ón tuarascáil a seoladh le déanaí ar thruailliú nialasach[21]. Thairis sin, rinneadh torthaí cláir thaighde an Aontais a achoimriú i dtuarascáil le déanaí[22] lena n- áirítear roinnt tionscadal atá cistithe ag an Aontas agus a sholáthraíonn tacaíocht luachmhar agus réitigh nuálacha le haghaidh bonn eolais maidir le truailliú nialasach.

## 2. Faireachán ar Thruailliú Nialasach

Tugtar achoimre ghairid sa chaibidil seo ar na torthaí ó fhaireachán ar thruailliú nialasach. Dírítear inti ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus ar an achar atá fós ann i dtreo spriocanna 2030 a bhaint amach.

### 2.1. Truailliú nialasach agus an tsláinte

**Na spriocanna maidir le truailliú nialasach agus sláinte le haghaidh 2030**[23]

De réir dhlí an Aontais, uaillmhianta de chuid an Chomhaontaithe Ghlais agus i sineirge le tionscnaimh eile, ba cheart don Aontas na tionchair sláinte (básanna anabaí) a bhaineann le **truailliú aeir** a laghdú le níos mó ná **55 %** agus an sciar de dhaoine a gcuireann **torann iompair isteach orthu ar bhonn ainsealach a laghdú 30 %** faoi 2030.

Rinneadh dul chun cinn follasach maidir le tionchair dhíobhálacha sláinte a bhaineann le truailliú aeir (amhail galair chroí, ailse agus galair riospráide) a laghdú 45 %, i gcomparáid le leibhéil 2005. I gcodarsnacht leis sin, d'fhan an díobháil shláinte atá nasctha le **truailliú torainn**, amhail riosca i leith galair chardashoithíocha, cur isteach ar an gcodladh agus bearrán[24], sách seasmhach ó 2012 i leith.

Is cúis mhisnigh iad na rátaí arda comhlíontachta ar an iomlán le caighdeáin truaillithe uisce óil agus uisce snámha (>99 % agus >93 % faoi seach). Maidir leis na tionchair shláinte a bhaineann le ceimiceáin a úsáid, cé go bhfuil laghdú ag teacht ar leibhéil ceimiceán áirithe, tá méadú seasta ag teacht ar úsáid roinnt ceimiceán malartach lena mbaineann riosca comhchosúil. D'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh, baineann níos mó ná 10 % de bhásanna anabaí san Aontas gach bliain le truailliú comhshaoil fós[25]. Tá

---

19 COM(2022) 673.

20 EEA (2022): '*Outlook to 2030-can the number of people affected by transport noise be cut by 30%?*' [Ionchas i dtreo 2030 - an féidir an líon daoine a dhéanann torann iompair difear dóibh a laghdú 30 %?].

21 Tuarascáil FORENV 2021

22 '*Horizon projects supporting the zero pollution action plan*' [Tionscadail de chuid Fís a thacaíonn leis an bplean gníomhaíochta um thruailliú nialasach]. Tuarascáil foilsithe ag an gCoimisiún (Ard- Stiúrthóireacht RTD) i mí Dheireadh Fómhair 2022.

23 Féach Iarscríbhinn 2 a ghabhann le COM(2021) 400 le haghaidh mionsonraí.

24 EEA (2022): '*Health impacts of exposure to noise from transport*' [Tionchair shláinte ar neamhchosaint ar thorann ó iompar].

25 Féach anseo.

sé sin mar gheall ar na leibhéil arda truaillithe aeir go príomha, ach mar gheall ar thruailliú teorainn agus neamhchosaint ar cheimiceáin freisin, agus is dócha go ndéantar na tosca sin a mheas faoina luach[26]. Níl an truailliú dáilte go cothrom ar fud an Aontais. Tá daoine leochaileacha, lena n- áirítear leanaí, daoine aosta agus daoine a bhfuil asma orthu nó a bhfuil galair riospráide nó galair chardashoithíocha orthu níos íogaire ar neamhchosaint ar an truailliú agus is minic a bhíonn daoine i ngrúpaí socheacnamaíocha níos ísle nochta ar leibhéil níos airde truaillithe[27].

Tá sé costasach fáil réidh le hoidhreacht truaillithe, e.g. ó láithreáin éillithe, ós rud é gur minic nach mbíonn an truaillitheoir faoi dhliteanas, nach eol cé hé an truaillitheoir, nó níl an truaillitheoir in ann íoc as leasúchán. Leis sin cuirtear an tábhacht a bhaineann le truailliú a sheachaint ar an gcéad dul síos i dtábhacht agus ceimiceáin a ionadú le ceimiceáin nach bhfuil chomh guaiseach céanna. Ag foghlaim ó cheachtanna a fuarthas roimhe seo, ní mór dúinn a bheith níos airdeallaí ag dul i ngleic le truailleáin ar ábhair imní ag teacht chun cinn iad, go háirithe truailleáin a eascraíonn as earraí cógaisíochta agus ábhair fhrithmhiocróbacha, ceimiceáin 'bhuana' (amhail substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile, PFAS), suaiteoirí inchríneacha agus micreaphlaistigh. Ní mór dúinn bearta a thabhairt isteach freisin chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shláinte a bhaineann le meascáin ceimiceán agus ar na héifeachtaí atá acu le chéile, e.g. ar cháilíocht aeir laistigh[28]

Tá aghaidh á tabhairt ag an gCoimisiún ar na fadhbanna sin thar raon leathan tionscnamh, go háirithe an plean gníomhaíochta um gheilleagar ciorclach (e.g. micreaphlaistigh), an straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht (e.g. PFAS agus an t- athbhreithniú ar na rialacha maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CLP)[29] ceimiceán, chomh maith le hathbhreithniú ar an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán [REACH][30]), an plean gníomhaíochta um Thruailliú Nialasach (e.g. cáilíocht aeir laistigh agus an teachtaireacht le déanaí maidir le haispeist) agus an straitéis um ithir (e.g. an dlí nua maidir le sláinte ithreach, liosta tosaíochta an Aontais le haghaidh éilleáin ithreach ar ábhar imní ag teacht chun cinn iad, measúnú riosca a fheabhsú)[31]. Moladh freisin chun caighdeáin dhlíthiúla an Aontais maidir le cáilíocht aeir a ailíniú de réir a chéile le treoirlínte ábhartha EDS chun sláinte agus folláine daoine a chosaint ar bhealach níos fearr (e.g. chun básanna anabaí a laghdú a thuilleadh).

### 2.2. Truailliú nialasach agus an bhithéagsúlacht

| **Na spriocanna maidir le truailliú nialasach agus bithéagsúlacht le haghaidh 2030**[32] |
|---|

[26] Is dócha go meastar faoina luach iad mar gheall nach gcuirtear ach líon teoranta tosca riosca san áireamh agus ní thugtar aghaidh ar na fíor- rioscaí sláinte a bhaineann le neamhchosaint ar cheimiceáin, mar shampla. Táthar fós i mbun oibre ar an gcomhpháirtíocht de chuid Fís Eorpach maidir le measúnú ar an riosca ó cheimiceáin (PARC).

[27] Tuarascáil Uimh. 22/2018 ó EEA agus comhartha nua le fáil anseo.

[28] Féach anseo.

[29] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

[30] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

[31] COM(2020) 98, COM(2020) 667, COM(2021) 400, COM(2022) 488.

[32] Féach Iarscríbhinn 2 a ghabhann le COM(2021) 400 le haghaidh tuilleadh sonraí.

De réir dhlí an Aontais, uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais agus i gcomhar le tionscnaimh eile, ba cheart don Aontas faoi 2030 **líon na n-éiceachóras ina mbagraíonn truailliú aeir ar an mbithéagsúlacht a laghdú 25 %** agus **caillteanais cothaitheach, an úsáid a bhaintear as lotnaidicídí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo, an úsáid a bhaintear as na lotnaidicídí ceimiceacha níos guaisí agus díolachán ábhar frithmhiocróbach le haghaidh ainmhithe feirme agus san uisceshaothrú a laghdú 50 %**.

Tá an truailliú ar cheann de na cúig bhagairt is mó ar an mbithéagsúlacht[33]. Sáraíodh teorainneacha an phláinéid le haghaidh truailliú, i.e. spás oibríochta sábháilte an domhain, le haghaidh cothaitheach (le dhá oiread le haghaidh fosfair agus le 3.3 oiread le haghaidh nítrigine san Eoraip) [34] agus le haghaidh 'eintitis nua' (lena n- áirítear ceimiceáin agus plaistigh)[35].

Go dtí seo, i gcomparáid leis na blianta bonnlíne[36], laghdaíodh truailliú aeir, truailliú ó lotnaidicídí agus ábhair fhrithmhiocróbacha 12 % (maidir leis an limistéar éiceachórais a ndéanann truailliú aeir difear dóibh), agus 14 % (maidir le húsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo), 26 % (maidir le húsáid lotnaidicídí atá níos guaisí) agus 18 % (maidir le díolacháin ábhar frithmhiocróbach) i ndáil leis na spriocanna thuasluaite. Maidir leis an sprioc 50 % de chaillteanais chothaithigh, tá sonraí á mbailiú fós. De réir dealraimh, léirítear le raon táscairí ionadacha[37] gur fhan caillteanais chothaitheach sách seasta, gan aon táscaire ar laghdú suntasach le 10 mbliana anuas.

Sáraíodh teorainneacha truaillithe chun bithéagsúlacht a chosaint ar bhealach suntasach. Bunaithe ar shonraí ó 2015, ní éiríonn le 23 % de bheagnach 10 000 dobharlach screamhuisce an Aontais agus 59 % de thart ar 100 000 dobharlach dromchla 'stádas ceimiceach maith' a bhaint amach go fóill. Bunaithe ar shonraí ó 2018, ní chomhlíonann 80 % de limistéar farraige an Aontais 'stádas comhshaoil maith' le haghaidh éilleán go fóill. Chuir 13 Bhallstát a 3ú Plean Bainistíochta Abhantraí (RMBP) isteach roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022. Léirítear i réamhanailís go bhfuil an staid seasmhach a bheag nó a mhór i gcomparáid leis an dara RBMP, go háirithe maidir le stádas ceimiceach screamhuisce. Tá an stádas éiceolaíoch agus stádas ceimiceach uisce dromchla níos measctha agus tá comharthaí feabhais le feiceáil i roinnt tíortha agus tuairiscíonn tíortha eile cáilíocht atá ag dul in olcas. Tá anailís níos cuimsithí á déanamh faoi láthair[38].

Le fianaise eolaíoch, léirítear dúshláin bhreise amhail easpa eolais agus sonraí ar thruailliú uisce, muirí agus ithreach. Méadaíonn an tionchar atá ag truailleáin ar

---

33 Is athruithe ar úsáidí talún agus farraige; saothrú díreach acmhainní nádúrtha; an t-athrú aeráide; truailliú; agus ionradh speiceas coimhthíoch (féach IPBES) atá sa chúig bhagairt sin.

34 Tuarascáil EEA Uimh. 01/2020

35 Persson et al. (2022): '*Outside the Safe Operating Space of the Planetary Boundary for Novel Entities*' [Lasmuigh den Spás Oibríochta Sábháilte de Theorainn an Phláinéid le haghaidh Eintitis Nua], Environmental Science & Technology (2022).

36 Féach Iarscríbhinn 2 a ghabhann le COM(2021) 400 le haghaidh tuilleadh sonraí.

37 Féach anseo.

38 Féach anseo.

éiceachórais mar gheall ar na héifeachtaí atá acu le chéile. Té an méid tionchair atá ag torann faoi uisce, micreaphlaistigh agus truailliú solais[39] ar an mbithéagsúlacht ag éirí níos follasaí[40].

Mhol an Coimisiún roinnt beart chun an bhithéagsúlacht a chosaint ón truailliú ar bhealach níos fearr, go príomha mar chuid dá straitéisí 'ón bhfeirm go dtí an forc' (e.g. ar lotnaidicídí, cothaithigh agus ábhair fhrithmhiocróbacha), a phlean gníomhaíochta um Thruailliú Nialasach (e.g. maidir le truailleáin uisce, fuíolluisce uirbeach) agus a straitéis ithreach (e.g. an dlí atá le teacht maidir le sláinte ithreach)41. Tá caighdeáin dhlíthiúla á n- oiriúnú freisin don fhianaise eolaíochta is déanaí agus chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú atá ag teacht chun cinn, e.g. leis an moladh a rinne sé le déanaí maidir leis an liosta de thruailleáin uisce agus na huasteorainneacha le haghaidh teorann faoi uisce faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí. Tá aghaidh á tabhairt ar na héifeachtaí a bhíonn ag truailleáin le chéile san athbhreithniú ar Rialachán REACH agus i reachtaíocht eile a bhaineann le ceimiceáin. Tá modhanna á bhforbairt ag Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa (EFSA) faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí carnacha atá ag lotnaidicídí, mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta sonrach[42]. Ar deireadh, tá aghaidh á tabhairt ar na tionchair atá ag truailliú solais ar fheithidí pailnithe sa Tionscnamh um Pailneoirí.

### 2.3. Truailliú nialasach agus an geilleagar ciorclach

**Spriocanna maidir le truailliú nialasach agus an geilleagar ciorclach le haghaidh 2030**[43]

De réir dhlí an Aontais, uaillmhianta de chuid an Chomhaontaithe Ghlais agus i gcomhar le tionscnaimh eile, ba cheart don Aontas **bruscar plaisteach ar muir a laghdú 50 %, na micreaphlaistigh a scaoiltear sa chomhshaol a laghdú 30 %, dramhaíl chathrach iarmharach a laghdú 50 %** agus **giniúint dramhaíola a laghdú ar bhealach suntasach faoi 2030.**

Bhí an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin mall. Maidir le **bruscar plaisteach agus micreaphlaistigh**, tá bailiú agus anailís sonraí le haghaidh 2015- 2020 fós á gcur i gcrích, agus ní féidir ríomh comhdhlúite agus comhaontaithe maidir le treocht ar fud an Aontais a sholáthar go fóill dá bhrí sin. Mar sin féin, tugtar le fios i réamh- athbhreithniú ar na sonraí atá ar fáil go bhfuil an dlús bruscair phlaistigh ag laghdú ar an gcuid is mó d'imeallbhoird an Aontais agus is cúis dóchais é sin. Foilseofar sonraí comhchuibhithe in 2023[44]. Cuideoidh cur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí, [45] na

39 E.g. Tuarascáil EEA ETC- HE 2022/8: '*Review and Assessment of Available Information on Light Pollution in Europe*' [Athbhreithniú agus Measúnú ar an bhFaisnéis atá ar fáil maidir le Truailliú Solais san Eoraip]

40 Féach comharthaí anseo.

41 COM(2020) 380, COM(2020) 381, COM(2021) 400, COM(2022) 488.

42 Féach anseo.

43 Féach Iarscríbhinn 2 a ghabhann le COM(2021) 400 le haghaidh tuilleadh sonraí.

44 JRC (2013): '*Guidance for the Monitoring of Marine Litter*' [Treoraíocht maidir le Faireachán a dhéanamh ar Bhruscar Muirí]

45 Féach tuilleadh mionsonraí anseo.

Treorach maidir le Plaistigh Aon Úsáide[46], na Treorach maidir le Saoráidí Glactha Calafoirt[47] agus tionscnaimh ar mhicreaphlaistigh[48] le léargas níos fearr ar an mbruscar muirí a fhorbairt agus le measúnú a dhéanamh ar an sprioc micreaphlaisteach le haghaidh an chéad tuarascáil eile in 2024. A mhéid a bhaineann le **dramhaíl**, léirítear sna sonraí is déanaí gur tháinig laghdú 4 % ar an nginiúint dramhaíola fhoriomlán idir 2010 agus 2020[49]. . Maidir le **dramhaíl chathrach iarmharach**, níor braitheadh aon athrú suntasach ó bhí 2016[50] ann. An tráth céanna, tháinig méadú 19 % ar an dramhaíl ó phacáistíocht le 10 mbliana anuas. Mar is amhlaidh an cás i réimsí eile, is iad an t- easnamh i gcur chun feidhme na mbeart atá ann faoi láthair agus mainneachtain aghaidh a thabhairt ar roinnt foinsí truaillithe na príomhchúiseanna leis an dul chun cinn teoranta. Thairis sin, leanann leis na ceimiceáin ghuaiseacha atá i dtáirgí de shrian a chur ar athchúrsáil ábhar.

I gcodarsnacht leis sin, tá laghdú seasta á theacht ar thruailliú aeir agus uisce ón táirgeadh san Aontas, agus laghdaíodh astaíochtaí an Aontais idir 3 %[51] agus 26 %[52] in 2015 ag brath ar an truailleán a bhí i gceist. Bhí **lorg tomhaltais foriomlán an Aontais**[53], an lorg ábhair agus úsáid ceimiceán ag an tionscal agus tomhaltóirí sách seasta go dtí seo agus bhí figiúirí ní b'ísle ann in 2020, is dóichí mar gheall ar phaindéim COVID. An **lorg ábhar**, i.e. éileamh ar fud an domhain ar eastóscadh ábhar atá spreagtha ag úsáid agus infheistíocht ag gnólachtaí, teaghlaigh agus rialtais i dtíortha Eorpacha, tá sé an- ard, agus é ag 13.7 tona in aghaidh an duine in 2020. Ar an iomlán, tá na tionchair chomhshaoil a bhaineann le táirgeadh agus ídiú an Aontais ard agus níl siad inbhuanaithe: sáraíonn siad cheana féin sciar an Aontais maidir le teorainneacha éagsúla an phláinéad'[54]. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin machnamh níos fearr a dhéanamh ar na tionchair chomhshaoil atá ag na hearraí a allmhairímid agus ar 'onnmhairiú an truaillithe' lasmuigh den Aontas Eorpach. Tá sé sin ábhartha, mar shampla, maidir leis an earnáil eastósctha san Aontas agus lasmuigh den Aontas, i bhfianaise an tábhacht a bhaineann le hamhábhair chriticiúla maidir le sprioc an Aontais a neamhspleáchas straitéiseach oscailte a mhéadú agus dlús a chur leis an aistriú glas. Ábhar eile nach mór machnamh a dhéanamh air is ea seoladh dramhaíola[55].

---

46 Treoir (AE) 2019/904.

47 Treoir (AE) 2019/883.

48 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12823-Microplastics-pollution-measures-to-reduce-its-impact-on-the-environment_en

49 Eurostat : Staidreamh ar ghiniúint dramhaíola de réir catagóire dramhaíola

50 EEA (2022): '*Reaching 2030's residual municipal waste target — why recycling is not enough*' [Sprioc 2030 maidir le dramhaíl cathrach iarmharach a bhaint amach — an fáth nach bhfuil an athchúrsáil leormhaith inti féin]

51 Maidir le hastaíochtaí amóinia san aer.

52 Maidir leis an úsáid a bhaintear as lotnaidicídí ceimiceacha níos guaisí.

53 Tá na loirg thomhaltais agus intíre bunaithe ar thacar de 16 tháscaire bunaithe ar mheasúnú saolré (LCA) (agus iad ar fáil mar scór aonair freisin) arb é is cuspóir dóibh na tionchair chomhshaoil a bhaineann le hídiú ar leibhéal an Aontais agus an Bhallstáit a chainníochtú. Féach na mionsonraí ag: JRC (2019) agus an tArdán Eorpach ar Mheasúnú Saolré

54 JRC (2020): 'Environmental sustainability of European production and consumption assessed against planetary boundaries' [Inbhuanaitheacht comhshaoil an táirgthe agus an tomhaltais Eorpaigh arna measúnú in aghaidh theorainneacha an phláinéid]

55 Féach anseo.

Tá bearta á ndéanamh ag an gCoimisiún cheana féin chun córais ídithe agus táirgthe a dhéanamh níos sábháilte agus níos inbhuanaithe, go príomha faoin bplean um gheilleagar ciorclach[56], (e.g. bearta maidir le seachadadh dramhaíola, togra maidir le héicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe, an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le pacáistíocht agus an treoir maidir le dramhaíl ó phacáistíocht )[57] agus leis an bplean gníomhaíochta um Thruailliú Nialasach (e.g. bearta maidir le hastaíochtaí tionscail) chomh maith le Straitéis Bithgheilleagair an Aontais[58]. Tá níos mó gníomhaíochtaí beartaithe, e.g. athbhreithniú ar Rialacháin REACH nó an creat measúnaithe le haghaidh 'sábháilte agus inbhuanaithe de réir dearadh' le haghaidh ceimiceán agus ábhar faoin straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht chomh maith leis an tionscnamh um maíomhanna glasa. Le tuilleadh forbartha ar mhodhanna agus táscairí le haghaidh lorg ábhar agus tomhaltais an Aontais agus lean gcur i gcomparáid le teorannacha an phláinéid, is féidir cuidiú freisin le léargais chórasacha níos fearr a fháil.

## 3. IONCHAS AGUS FADBHREATHNAITHEACHT MAIDIR LE TRUAILLIÚ NIALASACH

Áirítear le foinsí don chaibidil seo roinnt tionscadal agus tionscnamh, lena n- áirítear staidéir shamhaltaithe agus fadbhreathnaitheachta a chomhordaigh an Coimisiún (féach thíos). A mhéid is féidir, cuireadh san áireamh sna cásanna samhaltaithe an dul chun cinn a bhfuil coinne leis dá gcuirfí reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair agus atá beartaithe chun feidhme go hiomlán. Mar sin féin, tá gach ionchas bunaithe ar thoimhdí agus sriantaí sonracha a ndéantar doiciméadú orthu sna foilseacháin dá dtagrófar thíos. Cuirtear torthaí an chleachtaidh sin i láthair mar Ionchais le haghaidh aer glan, uisce glan agus comhshaoil mhuirí agus ithir ghlan.

### 3.1. Truailliú nialasach agus an tsláinte

Rinneadh measúnú ar an ionchas le haghaidh 2030 i ndáil le truailliú aeir agus teorainn in aghaidh gnóthachtáil dhóchúil na spriocanna sláinte- bhunaithe (cf. 2.1).

Fuarthas sa **3ú Ionchas Aeir Ghlan**[59] go laghdódh an tAontas an líon básanna anabaí mar gheall ar thruailliú aeir níos mó ná 55 % in 2030 i gcomparáid le 2005 dá gcuirfeadh sé an reachtaíocht Aontais atá ann faoi láthair agus atá beartaithe chun feidhme go hiomlán. Go deimhin, de thoradh an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh a mhol an Coimisiún[60], is dócha gur féidir laghduithe de níos mó ná 78 %, i gcomparáid le leibhéil 2005, a bhaint amach in 2030. Chun a áirithiú go mbainfear na meastacháin a bhfuil coinne leo amach, tá sé tábhachtach go gcuirtear an reachtaíocht atá ann faoi láthair chun feidhme go hiomlán. Mar an gcéanna, moltaí beartais a tugadh le déanaí, go háirithe maidir le caighdeáin astaíochtaí feithicle (Euro 7), astaíochtaí tionsclaíocha (lena n- áirítear raon feidhme na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a leathnú chun feirmeacha móra a cumhdach, meastar go

56 COM(2020) 98.
57 COM(2021) 709, COM(2022) 142 agus COM(2022) 677.
58 COM(2018) 673/2 agus SWD(2018) 431/2.
59 COM(2022) 673.
60 Trí na tograí chun caighdeáin cháilíochta aeir a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le treoirlínte EDS. Féach COM(2022) 542 chun tuilleadh sonraí a fháil.

mbeidh tionchar suntasach acu i dtreo astaíochtaí amóinia a laghdú) agus tionscnaimh faoi na tionscnaimh ‘Oiriúnach do 55’ agus ‘RePowerEU’, tá sé tábhachtach go nglactar iad go tapa a fhad agus a choinnítear an leibhéal uaillmhéine atá molta ag an leibhéal céanna.

Maidir le **truailliú torainn**, cé go bhfuil roinnt píosaí reachtaíochta sonraí i bhfeidhm ag an Aontas ó bhí 2002 ann[61], ní dócha ag an bpointe seo go mbainfear amach an sprioc um thruailliú torainn nialasach chun an líon daoine a ndéanann torann iompair díobháil dóibh a laghdú 30 % faoi 2030 (i gcomparáid le 2017). Léirítear i meastacháin reatha nach laghdóidh an líon sin níos mó ná 19 % faoi 2030 mura ndéanfar sraith shubstaintiúil beart breise ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus mura bhfuil laghdú suntasach breise i dtruailliú torainn mar thoradh ar ghníomhaíocht athneartaithe an Aontais thar gach earnáil ábhartha iompair. D’fhéadfaí an t- achar chuig an sprioc a laghdú a thuilleadh dá neartódh Ballstáit a mbearta. I measc na mbeart sin bheadh rialacháin agus forfheidhmiú torainn níos doichte[62] maidir le hiompar, e.g. feithiclí agus a n- oibríochtaí a fheabhsú agus trácht ar bhóithre agus teorainneacha luais i gcathracha a laghdú ar bhealach suntasach[63]. Beartaíonn neart cathracha an dara moladh sin mar chuid dá mbearta aeráide agus cáilíochta aeir cheana féin.

## 3.2. Truailliú nialasach agus an bhithéagsúlacht

Rinneadh measúnú ar an ionchas le haghaidh 2030 i ndáil le truailliú cothaitheach aeir, uisce agus an chomhshaoil mhuirí in aghaidh ghnóthachtáil dhóchúil na spriocanna i ndáil leis an mbithéagsúlacht atá ábhartha le haghaidh cothaithigh (cf. 2.2). Ní dhearnadh aon mheasúnú maidir le lotnaidicídí, ábhair fhrithmhiocróbacha ná i ndáil le truailliú ithreach ag an gcéim seo mar gheall ar an easpa sonraí agus infhaighteacht samhlacha ábhartha.

Fuarthas sa **3ú Ionchas Aeir Ghlain** gur údar níos mó imní atá sa staid reatha. Ní léir go bhfuil beartais reatha agus bheartaithe an Aontais leormhaith chun cur ar chumas don Aontas an t- achar d’éiceachórais an Aontais atá faoi bhagairt an truaillithe aeir a laghdú 25 % in 2030 i gcomparáid le 2005. Le cur chun feidhme an athbhreithnithe a moladh le déanaí ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh áfach, d’fhéadfaí an sprioc sin a bhaint amach.

Is iad na hastaíochtaí amóinia ón talmhaíocht an príomhréimse imní fós, agus teastaíonn i bhfad níos mó iarrachtaí sa réimse sin fós agus beidh siad ag brath den chuid is mó ar ghlacadh agus cur chun feidhme na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha chomh maith le glacadh iarbhír na mbeart a bhaineann le truailliú atá molta ag Ballstáit ina bpleananna straitéiseacha um chomhbheartas talmhaíochta (CBT).

---

61 Go háirithe an Treoir maidir le Torann Timpeallachta 2002/49/CE ach reachtaíocht maidir le foinsí sonracha freisin, e.g. i gcás torann ó bhóithre Rialachán (AE) Uimh. 540/2014, Rialachán (AE) 2019/2144, i gcás torann ó iarnróid Rialachán (AE) 1304/2014 nó torann ó aerárthaí Rialachán (AE) Uimh. 598/2014.

62 E.g. féach Tionscadal NEMO.

63 Foilseofar tuilleadh sonraí sa Tuarascáil Chur Chun Feidhme atá le teacht ar an Treoir maidir le Torann Timpeallachta.

Suíodh san **Ionchas Uisce agus Muirí**[64], na spriocanna cothaitheach comhaontaithe agus bearta eile a moladh ar leibhéal an Aontais go dtí seo, go mb'fhéidir nach leor iad na spriocanna sin chun deireadh a chur leis na tionchair atá ag truailliú cothaitheach ar gach cuid d'fharraigí na hEorpa. Mar is amhlaidh an cás leis na cásanna truaillithe aeir, beidh laghdú astaíochtaí cothaitheach ag brath go láidir ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú na reachtaíochta comhshaoil ábhartha (i.e. an Treoir maidir le Níotráití, an Treoir Réime Uisce agus reachtaíocht ábhartha eile i réimse an truaillithe uisce lena n- áirítear na Treoracha athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus Fuíolluisce Uirbeach). Féadfaidh na bearta a glacadh faoi CBT nua cuidiú chuige sin. Tacaíonn anailís chomhtháite ar chothaithigh (ag féachaint ar thruailliú nítrigine agus fosfair) leis an Ionchas, agus léirítear iontu gur féidir dul chun cinn a dhéanamh leis na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, ach go mbeidh ar Bhallstáit gníomhaíocht bhreise a dhéanamh mura bhfuil siad in ann an sprioc maidir le caillteanais chothaitheach sa chomhshaol a bhaint amach faoi 2030. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, fiosrófar sa **phlean gníomhaíochta atá le teacht maidir le bainistíocht cothaitheach** bearta breise beartais chun éifeachtúlacht úsáide cothaitheach a fheabhsú agus caillteanais sa chomhshaol a laghdú, chomh maith le teicnící nua agus na bearta is gá chun athshlánú agus athchúrsáil cothaitheach a chothú. Thairis sin, tacóidh Fís Eorpach le cuir chuige chórasacha chun astaíochtaí cothaitheach ó fhoinsí éagsúla a theorannú, agus chun a sreafaí a thabhairt ar ais chuig teorainneacha éiceolaíocha sábháilte, cuir i gcás trí bhainistíocht táirgí leasacháin a fheabhsú sa talmhaíocht a fhad agus a chuirtear dálaí réigiúnacha san áireamh. Déanfar anailís mar chuid di freisin ar dhramhaíl a laghdú sa slabhra bia, in éineacht le hathruithe sochaíocha (amhail athruithe san aiste bia, athruithe i dtáirgeadh agus ídiú), agus féadfaidh siad sin cuidiú le cúrsaí.

Tá an **tIonchas Ithreach** ag céim luath san fhorbairt. Áirítear ar obair a tionscnaíodh faoi straitéis ithreach an Aontais agus faoi Fhaireachlann Ithreach an Aontais (EUSO)[65] forbairt uirlisí samhaltaithe lena gcuirfear ar ár gcumas treochtaí truaillithe amach anseo a thuar. Thairis sin, leagtar amach i Misean an Aontais 'Comhaontú Ithreach don Eoraip'[66] conair chun sláinte ithreach a chur chun cinn agus a aischur, i measc nithe eile trí fhaireachán ithreach a leathnú agus a chomhchuibhiú san Eoraip.

### 3.3. Truailliú nialasach agus an geilleagar ciorclach

Maidir le hídiú agus táirgeadh san Ionchas le haghaidh 2030, breathnaíodh ar thruailliú agus ídiú plaistigh ach ní dhearnadh aon mheasúnú ar na spriocanna gaolmhara (c.f. 2.3).

Breathnaíodh san Ionchas Uisce agus Muirí ar shamhaltú **an truaillithe plaisteach** sa Mheánmhuir. Faoi 2030, níl coinne leis an mbruscar foriomlán sa Mheánmhuir a laghdú ach 14 % (idir bhruscar ar dhroim na mara agus bhruscar ar an trá) faoi na bearta atá san áireamh faoin Treoir maidir le plaistigh aon úsáide (SUP). Ní mór neartú ghné trasteorann de thruailliú plaisteach a chur i dtábhacht chun sprioc an Aontais a bhaint amach[67]. I measúnú eile, breathnaíodh ar na **tionchair a bhaineann le hídiú** ar

[64] JRC (2022): '*Zero pollution outlook*' [Ionchas truaillithe nialasaigh]
[65] Féach anseo.
[66] Féach anseo.
[67] D'fhéadfaí a áireamh leis sin cuir chuige eolaíochta saoránaigh, amhail trí Mhisean an Aontais 'ár nAigéan agus ár nUiscí a Athchóiriú', a thacaíonn le rolladh amach ar fud an Aontais de thionscnamh

thocsaineacht fhionnuisce mar chuid d'ionchas níos leithne ar an lorg tomhaltais[68]. Tuartar go leanfaidh na tionchair ar an gcomhshaol a bhaineann le hídiú an Aontais ag méadú go dtí 2030 agus go leanfaidh siad de Theorainneacha an Phláinéid[69] a shárú, lena n- áirítear na teorainneacha le haghaidh éiceatocsaineachta fionnuisce[70].

### 3.4. Truailliú nialasach agus an fhadbhreathnaitheacht

Léiríodh sa scanadh **fadbhreathnaitheachta** agus **ionchais**[71] go mbeidh tionchar ag treochtaí agus athruithe sochaíocha atá ann faoi láthair, e.g. digitiú agus dícharbónú a mhéadú[72], ar thruailliú. Féadfaidh buntáistí a bheith ag na haistrithe sin don tsláinte agus don chomhshaol, go háirithe má ghlactar leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach mar threoir. E.g., an plean oibre teicneolaíochta tionsclaíche le haghaidh teicneolaíochtaí ciorclacha agus samhlacha gnó atá á ullmhú, tugtar chun cuimhne ann nach mór don taighde aghaidh a thabhairt ar shineirgí chomh maith leis na comhbhabhtálacha idir ciorclaíocht agus truailliú nialasach. Na treochtaí sin atá ag teacht chun cinn agus an t- aistriú glas agus digiteach leanúnach, féadfaidh siad conair chuig Eoraip níos inbhuanaithe a sholáthar, ach beidh sé sin ag brath ar an staid shocheacnamaíoch.

## 4. PRÍOMHCHONCLÚIDÍ

Cuirtear i dtábhacht arís sa tuarascáil faireacháin agus ionchais seo maidir le 'truailliú nialasach' go bhfuil na **trí ghéarchéim chomhshaoil chomhreathacha - truailliú, an t- athrú aeráide, caillteanas na bithéagsúlachta - nasctha go dlúth lena chéile**. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí bogadh chuig samhail eacnamaíoch ghlan, chiorclach agus aeráidneodrach, agus an bogadh sin tábhachtach don Aontas agus don chuid eile den domhan araon.

An **ghéarchéim eacnamaíoch agus fuinnimh atá ann faoi láthair** a cruthaíodh de thoradh chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine **agus an téarnaimh i ndiaidh phaindéim COVID- 19**, déanann siad difear do shaolta dhaoine ar fud an Aontais. Níl ag éirí le roinnt beart maidir le laghdú agus rialú truaillithe mar gheall ar bhristeacha sa

---

Plastic Pirateschun daoine óga ar fud na hEorpa a tharraingt isteach agus a chumhachtú chun faireachán a dhéanamh ar thruailliú plaistigh in aibhneacha, cóstaí agus farraigí, agus chun dul i ngleic leis an truailliú sin.

68 Bunaithe ar Lorg Tomhaltais agus Intíre JRC, féach anseo. .

69 JRC (2020): 'Environmental sustainability of European production and consumption assessed against planetary boundaries' [Inbhuanaitheacht comhshaoil an táirgthe agus an tomhaltais Eorpaigh arna measúnú in aghaidh theorainneacha an phláinéid]

70 JRC (2022): 'Consumption Footprint:[Lorg Tomhaltais] *assessing the environmental impacts of EU consumption*, [measúnú a dhéanamh ar na tionchair chomhshaoil a bhaineann le hídiú an Aontais, an Coimisiún Eorpach'], JRC126257.

71 I gcodarsnacht leis na hionchais bunaithe ar shamhaltú, le fadbhreathnaitheacht táthar ag fiosrú, ag tuar agus ag múnlú na todhchaí trí úsáid a bhaint as intleacht chomhchoiteann ar bhealach struchtúrtha agus córasach chun forbairtí a thuar. Féach tuarascáil FORENV 2021 agus achoimre sintéise chomh maith le COM(2022) 289

72 E.g. uirlisí digiteacha agus stíleanna maireachtála rábacha, aistrithe san áit ina n- oibrímid agus sa bhealach ina n- oibrímid, modhanna faireacháin truaillithe agus sonraí truaillithe nua, foirgnimh bheo agus raon nua ábhar foirgníochta agus réabhlóidí ilghnéitheacha sa chóras bia.

slabhra soláthair[73], agus déanfaidh sé sin an dul chun cinn maidir le truailliú a laghdú i bhfad níos deacra sa ghearrthéarma. Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, áfach, féadfaimid iarracht a dhéanamh bealaí a aimsiú chun deiseanna a dhéanamh de na dúshláin atá ann faoi láthair chun dul i ngleic le truailliú. Cuir i gcás, an toil chomhchoiteann chun neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais a mhéadú trí dhlús suntasach a chur le himscaradh fuinnimh in- athnuaite, cuirfidh sé sin le truailliú a laghdú freisin.

Is léir go bhfuil an **comhar domhanda** ag géarú chun dul i ngleic leis an ngéarchéim phláinéadach. **Ní mór don Aontas a bheith mar chuid den réiteach domhanda**, mar tá a lorg truaillithe ró- ard[74]. Tá na leibhéil maidir le **neamhionannas sa truailliú** ard freisin agus déanann siad difear do na codanna is leochailí den tsochaí. Tá an tAontas ina cheannaire sa ghlao ar thorthaí uaillmhianacha in idirbheartaíochtaí COP15 maidir le straitéis dhomhanda don bhithéagsúlacht agus ag comhdháil Dheacáid Uisce na NA i Márta 2023 agus tá sé ar thús cadhnaíochta chun comhaontú domhanda maidir le plaistigh a bhaint amach.

Is pointe tosaigh atá sa tuarascáil sin ar na **'Conairí i dtreo aer, uisce agus ithir níos glaine don Eoraip'**. Tá an fhianaise an- láidir, fearacht na ndúshlán agus na ndeiseanna. Ar an iomlán, tá laghdú ag teacht ar na leibhéil truaillithe i neart réimsí truaillithe, e.g. a mhéid a bhaineann le truailliú aeir nó lotnaidicídí. An tráth céanna, leanann fadhbanna truaillithe eile de bheith ann, e.g. tá treochtaí le haghaidh truailliú torainn, cothaitheach nó giniúint dramhaíola cathrach sách seasta le roinnt blianta anuas. Níl aon ráthaíocht ann i dtaobh bhaint amach spriocanna truaillithe nialasaigh 2030 le haghaidh na gcineálacha sin. Dá bhrí sin, ní mór luas an aistrithe **ghlais agus dhigitigh a ghéarú** chun cur ar chumas don Aontas spriocanna 2030 a bhaint amach. Ar thaobh an Choimisiúin, sheachaid sé nó rinne sé dul chun cinn ar gach ceann de na 33 ghníomhaíocht fógartha le haghaidh 2021- 2024[75].

Is é seo a leanas an rud is mó a theastaíonn anois chun truailliú nialasach a bhaint amach:

1. **comhaontú na gcomhreachtóirí maidir le príomhthograí reachtacha;**
2. **cur chun feidhme méadaithe na bpíosaí ríthábhachtacha de dhlí an Aontais** ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus trasteorann[76]; agus
3. **cur chun cinn tionscnamh domhanda, ag tacú le tríú tíortha lena n- iarrachtaí**.

---

73 E.g. an easpa soláthairtí ceimiceán a theastaíonn chun aer truaillithe a ghlanadh (e.g. úsáidtear táirgí atá bunaithe ar amóinia nó ar úiré chun astaíochtaí NOx ó fheithiclí le hinnill dhíosail) nó uisce truaillithe a ghlanadh (e.g. salainn fheiriúla, hidreaclóiríd nó aigéad sulfarach le haghaidh chóireáil fuíolluisce).

74 Féach Tuarascáil EEA Uimh. 1/2020 'Is Europe living within the limits of our planet?' [An bhfuil an Eoraip ag maireachtáil laistigh de theorannacha ár bpláinéid?].

75 Féach freisin an Rianaire Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach.

76 Tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla (Rialachán (AE) 2021/240), tacaíonn an Coimisiún le Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, chun athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme thar raon leathan réimsí beartais, lena n- áirítear dul i ngleic le truailliú aeir, ithreach agus uisce chomh maith le caillteanas bithéagsúlachta a chomhrac agus tacú leis an aistriú chuig geilleagar atá níos ciorclaí.

Anuas air sin, sainaithníodh sa tuarascáil roinnt easnamh amhail an gá atá leis na sonraí is déanaí atá ar fáil a chomhroinnt agus a úsáid ar bhealach níos fearr. Tabharfaidh an Coimisiún, in éineacht leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), aghaidh ar na bearnaí sainaitheanta eolais agus sonraí (e.g. maidir le truailliú ithreach) chun tuarascáil níos cuimsithí fiú a chur i láthair faoi 2024.

## 5. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Soláthraítear leis an gcéad tuarascáil faireacháin agus ionchais seo ar 'thruailliú nialasach' pointe tosaigh chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo uaillmhianta truaillithe nialasaigh an Aontais. Tiomsaítear inti fianaise atá ar fáil go héasca sa chéad fhorbhreathnú comhtháite, ard- leibhéil fud an Aontais, ar na príomhbhagairtí ó thruailliú agus óna bhfoinsí. Soláthrófar léi ionchur ar an gcéad tuarascáil ar dhul chun cinn an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ar an 8ú clár gníomhaíochta comhshaoil, atá le déanamh faoi dheireadh 2023. Leagtar amach inti faisnéis mhionsonraithe maidir leis an gcuid is mó de chodanna a bhaineann go sonrach le truailliú, e.g. ar thruailliú aeir, uisce, muirí ceimiceach agus torainn. Cuireadh roinnt easnamh i dtábhacht inti freisin agus tabharfar aghaidh orthu siúd ar bhealach spriocdhírithe faoi 2024.

Go háirithe, cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil go bhfuil bearnaí suntasacha eolais agus sonraí ann i roinnt réimsí, e.g. maidir le truailliú ithreach agus fadhbanna atá ag teacht chun cinn nach mór aird a thabhairt orthu. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sonraí, tá cumas nach beag ag sonraí spáis, seirbhísí agus feidhmeanna a sholáthraítear le córas an Aontais um fhaire na cruinne, córas darb ainm Copernicus. Tacóidh taighde agus nuálaíocht leanúnach agus bheartaithe leis na chéad leaganacha eile den tuarascáil[77]. Áirithítear le réimsí eile le haghaidh feabhais infhaighteacht agus tráthúlacht sonraí, agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht bhainistíocht an eolais faoin truailliú (e.g. trí thuairisciú a chuíchóiriú, eolaíocht saoránach a chur chun cinn agus úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí digiteacha). Tá neart tionscnamh ar siúl nó beartaithe cheana féin, e.g. mar chuid den chur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin'[78] nó na tograí le déanaí maidir leis an liosta de thruailleáin uisce[79].

Réiteoidh an Coimisiún agus EEA an bealach chun a áirithiú go méadófar raon feidhme, cáilíocht, tráthúlacht agus stóinseacht an chreata faireacháin agus ionchais maidir le 'truailliú nialasach' le gach leagan[80]. Thairis sin, tá an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus EEA ag oibriú lena chéile chun creat táscairí sonracha maidir le ceimiceáin a fhorbairt, agus cuirfidh an creat sin leis an gcéad tuarascáil eile.

Déanfar iarracht shonrach freisin chun cur i láthair agus léirshamhlú na tionchair a bhaineann le truailliú a fheabhsú, lena n- áirítear tríd an bhfianaise éagsúil a chur le

---

[77] Féach samplaí in Horizon Report [Tuarascáil maidir le Fís].

[78] Tá pleanáil á déanamh ag an gCoimisiún chun an sreabhadh faisnéise ar cheimiceáin chuig Gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais a chuíchóiriú agus chun iad a chur ar fáil lena n- athúsáid, lena n- áirítear le haghaidh an chreata táscairí. (féach 'Cloisimis uait')

[79] COM(2022) 540.

[80] Féach SWD(2021) 141 le haghaidh roinnt mionsonraí.

chéile agus a chomh- iomlánú chun tacú le hiarrachtaí cumarsáide ar bhealach níos fearr. Thairis sin, neartófar inniúlachtaí ionchais aeir, uisce agus muirí, go háirithe na cinn ithreach, chun tacú le ceapadh beartais ar bhealach níos fearr.

Cuideoidh na hiarrachtaí sin chun tacú leis na naoi snáithe shuaitheanta den phlean gníomhaíochta um Thruailliú Nialasach, óir cuidíonn faireachán agus ionchas níos fearr linn neamhionannais shláinte a shainaithint, feabhsaíonn siad ár dtuiscint ar scála an truaillithe ó tháirgí agus ó fhoirgnimh agus cuireann sé ar ár gcumas úsáid níos fearr a bhaint as réitigh dhigiteacha chun faireachán a dhéanamh ar thruailliú. Cuireann faireachán agus ionchas láidir maidir le 'truailliú nialasach' leis an measúnú truaillithe dhomhanda freisin mar cuireann sé ar ár gcumas díriú ar chathracha agus réigiúin shonracha chun a ndul chun cinn i dtreo an truaillithe nialasaigh a dhéanamh amach.

Iarrann an Coimisiún ar institiúidí, Ballstáit, gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, lucht acadúil agus páirtithe leasmhara eile an Aontais aiseolas a sholáthar ar an gcéad tuarascáil faireacháin agus ionchais seo ar thruailliú nialasach[81]. Úsáidfidh an Coimisiún an tArdán Páirtithe Leasmhara um Thruailliú Nialasach freisin, a bunaíodh i gcomhar le Coiste na Réigiún chun cuidiú leis an ullmhúchán don dara Tuarascáil Faireacháin agus Ionchais ar Thruailliú Nialasach in 2024.

Déanfar machnamh sa chéad leagan eile den tuarascáil ar an dul chun cinn tosaigh a rinneadh agus leagfar amach inti léargas chun spriocanna 2030 maidir le truailliú nialasach a bhaint amach i gcomhréir le fís an truaillithe nialasaigh le haghaidh 2050, agus dá bhrí sin soláthrófar ionchur don athbhreithniú meántéarma ar an 8ú creat faireacháin CGC atá le déanamh in 2024.

[81] Féadfaidh páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh le tionscadail de chuid Fís 2020 agus Fís Eorpach atá ar bun faoi láthair agus atá deartha timpeall na naoi dtionscadal suaitheanta sa tuarascáil thuasluaite freisin, ionas go bhféadfaidh an t- eolas nua agus na torthaí cuidiú leis na fadhbanna atá ag saoránaigh, údaráis agus ag an tionscal a réiteach.